

Eleathanach266

Dé Máirt 6 Meitheamh 2017

Ceannaire Nua ar Fhine Gael!

Bhí Enda Kenny ina Taoiseach ó 2011. Beidh Taoiseach nua againn roimh dheireadh na míosa. Leo Varadkar is ainm dó.

Tá sé 38 bliain d'aois. Tá cónaí air i mBaile Átha Cliath. Ba dhochtúir é sular thosaigh sé ag obair mar pholaiteoir. Tá sé ina bhall de Pháirtí Fhine Gael.

Rugadh a athair san India agus bhog sé go hÉirinn sna 1960idí. Is dochtúir é a athair. Ashok is ainm dó. Is as Éirinn a mháthair. Miriam is ainm di. Go n-éirí leat, a Leo! ☺



Ariana Grande

Bhí ceolchoirm eile eagraithe ag Ariana Grande ar an 4 Meitheamh i Manchain (Manchester).

Bhí Niall Horan ag canadh ag an gceolchoirm lena lán daoine cáiliúla eile, mar shampla, Katy Perry, Take That, Coldplay, Usher, Miley Cyrus, agus Justin Bieber.

Bhí an ceolchoirm ar siúl chun airgead a bhailiú do na daoine a d'fhulaing san ionsaí sceimhlitheoireachta cúpla seachtain ó shin i Manchain. Bhí ionsaí sceimhlitheoireachta ag ceolchoirm Ariana Grande a bhí ar siúl ar 22 Bealtaine. Fuair 22 duine bás agus bhí timpeall 100 duine gortaithe.

Bhí ionsaí eile i Londain thar an deireadh seachtaine. Tá an Eleathanach ag smaoineamh ar na daoine ar fad a d'fhulaing san ionsaí sceimhlitheoireachta.

(Tháinig an píosa nuachta seo ó rang 5, Scoil Náisiúnta Killashee, Co Chill Dara.)



Britain's Got Talent

Bhí an chraobh den seó *Britain's Got Talent* ar siúl oíche Shathairn. Bhreathnaigh go leor daoine ar an seó (8.2 milliún duine!)

Bhuaigh Tokio Myers an comórtas. Bhuaigh sé duais iontach - £250,000 - agus beidh sé ag seinm an phianó ag *The Royal Variety Performance*.

Tá Tokio Myers 32 bliain d'aois agus tá cónaí air i Londain. Sheinn sé le *The Police*, Amy Winehouse agus Kanye West cheana. Comhghairdeachas ó chroí!

